Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11817/26**

**PUBLIC 55**
**INF 214**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | ACHOIMRE MHÍOSÚIL AR GHNÍOMHARTHA NA COMHAIRLE – Aibreán 2026 |

Sa doiciméad seo liostaítear na gníomhartha a ghlac an Chomhairle trí nós imeachta i scríbhinn i mí Aibreáin 2026.[1]

Ionas gur furasta tagairt dóibh, luaitear freisin na 'gearrtheidil', mar a luaitear iad i gcláir oibre na Comhairle (an cló iodálach).

Tá faisnéis ann maidir le glacadh gníomhartha reachtacha agus neamhreachtacha, lena n-áirítear:

- dáta an ghlactha trí nós imeachta i scríbhinn,[2]
- an uimhir a bhí ar an doiciméad a glacadh,
- an tagairt san Iris Oifigiúil.

Tá faisnéis faoi ghníomhartha eile arna nglacadh ag an gComhairle le fáil ar leathanach gréasáin tiomnaithe na Comhairle, faoin roinn 'Cruinnithe'[3]. Tá an doiciméad seo ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Comhairle freisin ag: Achoimrí míosúla ar ghníomhartha na Comhairle – Consilium

[1] Ó mhí Eanáir 2026, is í an fhaisnéis faoi ghníomhartha reachtacha agus neamhreachtacha arna glacadh trí nós imeachta i scríbhinn, agus an fhaisnéis sin amháin, a áireofar sna hachoimrí míosúla ar ghníomhartha na Comhairle. I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 12(1) de rialacha nós imeachta na Comhairle 'Déanfaidh an Ardrúnaíocht achoimre ar ghníomhartha arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn a tharraingt suas gach mí. Aon ráiteas a bheidh le cur i miontuairiscí na Comhairle, beidh sé san achoimre sin. Cuirfear na ranna den achoimre a bhaineann le gníomhartha reachtacha a ghlacadh ar fáil don phobail.'

[2] I gcás gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach, d'fhéadfadh difríocht a bheith idir an dáta a ghlacfaidh an Chomhairle an gníomh reachtach agus dáta an ghnímh féin, ós rud é nach meastar gur glactha atá na gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach go dtí go mbeidh siad sínithe ag Uachtarán na Comhairle, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Ardrúnaithe an dá institiúid.

[3] https://www.consilium.europa.eu/ga/home/

Na doiciméid a liostaítear san achoimre seo, féadfar iad a fháil ón gclár poiblí de dhoiciméid na Comhairle ag: Doiciméid agus foilseacháin – Consilium.

Mura bhfuil fáil ar dhoiciméid, is féidir iarraidh ar rochtain orthu a chur isteach ag: https://www.consilium.europa.eu/ga/documents/public-register/request-document-form/

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur mar fhaisnéis amháin a chuirtear an doiciméad seo ar fáil.

| Nósanna imeachta i scríbhinn | |
|---|---|
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 1 Aibreán 2026** | **CM 2022/26** |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an tríú seisiún den Údarás Maoirseachta arna bhunú de bhun Phrótacal Lucsamburg a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Nithe a bhaineann go sonrach le Cúrsaí Rothstoc Iarnróid*<br>Cinneadh (AE) 2026/858 ón gComhairle an 1 Aibreáin 2026 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an tríú seisiún den Údarás Maoirseachta arna bhunú de bhun Phrótacal Lucsamburg a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Nithe a bhaineann go Sonrach le Rothstoc Iarnróid | 7231/26 + ADD 1 |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 7 Aibreán 2026** | **CM 1076/26** |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir leis an gcúnamh airgeadais faoi Rialachán (AE) 2025/1106 a chur ar fáil don Fhrainc*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/844 ón gComhairle an 10 Aibreán 2026 maidir leis an gcúnamh airgeadais faoi Rialachán (AE) 2025/1106 a chur ar fáil don Fhrainc | 6728/26 |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir leis an gcúnamh airgeadais faoi Rialachán (AE) 2025/1106 a chur ar fáil don tSeicia*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/845 ón gComhairle an 10 Aibreán 2026 maidir leis an gcúnamh airgeadais faoi Rialachán (AE) 2025/1106 a chur ar fáil don tSeicia | 6729/26 |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 23 Aibreán 2026** | **CM 1807/26** |
| *Cinneadh agus Rialachán ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine*<br>Cinneadh (CBES) 2026/508 ón gComhairle an 23 Aibreán 2026 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine | 5337/26 + ADD 1 |
| Rialachán (AE) 2026/506 ón gComhairle an 23 Aibreán 2026 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine | 5339/26 + ADD 1 |
| *Cinneadh, Rialachán agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin*<br>Cinneadh (CBES) 2026/504 ón gComhairle an 23 Aibreán 2026 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin | 5324/26 |
| Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin | 5326/26 |

| | |
|---|---|
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/509 ón gComhairle an 23 Aibreán 2026 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin | 5328/26 |
| Fógra le haghaidh na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/504 ón gComhairle, agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/509 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin | 5329/2/26 REV 2 |
| Fógra le haghaidh na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/504 ón gComhairle, agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/509 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin | 5329/2/26 REV 2 |
| Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a mbeidh feidhm maidir leo ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin | 5329/2/26 REV 2 |
| *Cinneadh agus Rialachán ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin*<br>Cinneadh (CBES) 2026/512 ón gComhairle an 23 Aibreán 2026 lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin | 5342/26 |
| Rialachán (AE) 2026/513 ón gComhairle an 23 Aibreán 2026 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin | 5346/26 + ADD 1 |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2026/503 ón gComhairle an 23 Aibreán 2026 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise i bhfogha na Rúise faoin Úcráin | 5951/26 |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/505 ón gComhairle an 23 Aibreán 2026 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise i bhfogha na Rúise faoin Úcráin | 5953/26 |
| Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2026/503 ón gComhairle, agus i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/505 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin | 5955/2/26 REV 2 |

| | |
|---|---|
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 23 Aibreán 2026** | **CM 2141/26** |
| Rialachán (AE) 2026/469 ón gComhairle an 23 Aibreán 2026 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027 | 5470/26 |
| **Ráiteas ón mBeilg, ón Danmhairg, ón nGearmáin, ón bhFrainc, ón Ísiltír, an Ostair, ón bhFionlainn, agus ón tSualainn** | |
| I bhfianaise a phráinní atá riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine, tacaíonn an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Ísiltír, an Ostair, an Fhionlainn, agus an tSualainn go láidir leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin a bhunú go pras. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh dúinn gealltanas an Choimisiúin costais seirbhísithe fiachais na hIasachta Tacaíochta don Úcráin in 2027 a mhaoiniú le hinfhaighteachtaí buiséadacha ar dtús faoi na huasteorainneacha CAI atá ann faoi láthair agus ansin ó ionstraimí speisialta atá ann cheana. Athdhearbhaímid a thábhachtaí atá sé an gealltanas sin a chur chun feidhme go dílis mar chuid den chaibidlíocht maidir le buiséad 2027 agus déanfaimid dlúthfhaireachán ar na forbairtí uile chun a áirithiú go n-urramófar go hiomlán é. | |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 23 Aibreán 2026** | **CM 2515/26** |
| Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/919 ón gComhairle an 23 Aibreán 2026 lena bhformheastar cúnamh don Úcráin chun Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a chur chun feidhme | 8102/26 + ADD 1 |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 30 Aibreán 2026** | **CM 2702/26** |
| *Seasamh an Aontais a bhunú i ndáil le Dréacht-Airteagail ILC maidir le Coireanna in aghaidh an Chine Dhaonna a Chosc agus a Phionósú*<br>Seasamh an Aontais i ndáil le Dréacht-Airteagail ILC maidir le Coireanna in aghaidh an Chine Dhaonna a Chosc agus a Phionósú | 8277/2/26 REV 2 |